

Cad é an Tionscadal TTT?

Tá ríméad ar Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí ár dtionscnamh speisialaithe Bréagán, Teicneolaíochta agus Oiliúna a thaispeáint daoibh.

Tá an bailiúchán deartha chun tacaíocht a thairiscint do leanaí agus do dhaoine fásta a bhfuil deacrachtaí foghlama, míchumais nó riachtanais níos suntasaí acu. Is féidir na bréagáin agus na hacmhainní eile a rochtain saor in aisce i mbrainsí ar fud an chontae leis an gcárta ballraíochta TTT.

Roghnaigh foireann Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí an bailiúchán i gcomhpháirtíocht le teiripeoirí agus gairmithe eile atá ag obair sa phobal. Mar chuid den tionscnamh, beimid ag óstáil sraith bhliantúil de léachtaí, taifeadtaí agus ceardlanna saor in aisce. Tugann na himeachtaí seo tuilleadh treorach, tacaíochta agus deiseanna líonraithe do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do ghairmithe cúram sláinte.

Le haghaidh sonraí is déanaí faoi chainteanna agus imeachtaí amach anseo a bhaineann leis an tionscnamh TTT seol ríomhphost chugainn agus iarr orainn tú a chur ar ár liosta seoltaí ag [libraryhq@meathcoco.ie](mailto:libraryhq@meathcoco.ie) Tá freastal ar na himeachtaí go léir saor in aisce agus oscailte do chách ach caithfear áirithint a dhéanamh roimh ré.

Maoiníodh priontáil na catalóige seo le deontas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, ciste a dearadh chun tacú le cláir a fheabhsaíonn forbairt daoine atá ar an imeall go heacnamaíoch nó go sóisialta agus iad siúd atá faoi mhíchumas.

## COINNÍOLLACHA ÚSÁIDE

- Tá an bhallraíocht saor in aisce d'aon duine a chónaíonn, a oibríonn nó a théann ar scoil i gCo. na Mí.
- Chun clárú don tseirbhís, ní mór d'úsáideoirí litir atreoraithe a bheith acu ó Theiripeoir Saothair, Teiripeoir Urlabhra & Teanga, Fisiteiripeoir, Lia-Chleachtóir, Múinteoir Acmhainne nó gairmí eile atá ag obair leo.
- Caithfidh múinteoirí nó Cúntóirí Riachtanas Speisialta litir atreoraithe a sholáthar óna bpríomhoide scoile chun earraí a fháil ar iasacht thar ceann na scoile.
- Trí seachtaine an tréimhse iasachta.
- Féadfar tréimhse na hiasachta a shíneadh tríd an earra a athnuachan ar líne, ar an bhfón nó go pearsanta, mura n-iarrann duine eile é.
- Is féidir dhá earra a fháil ar iasacht ag an am céanna.
- Tá an bailiúchán Bréagán lonnaithe i Leabharlann na hUaimhe.
- Níor cheart trealamh a úsáid ach ar chomhairle ó ghairmí ainmnithe.

- Ba cheart monatóireacht a dhéanamh i gcónaí ar Leanaí & Daoine Fásta a úsáideann an trealamh. Seiceáil le do thoil treoirlínte an déantóra maidir le sábháilteacht, srianta meáchain, guaiseacha tachtá agus oiriúnacht aoise.
- Ba chóir gach bréagán a sheiceáil agus a ghlanadh sula dtugtar ar ais é.
- Ar mhaithe le Sláinte & Sábháilteacht, cuir an fhoireann ar an eolas má tá an trealamh neamhiomlán nó lochtach.
- Is féidir le foireann na leabharlainne cabhrú le húsáideoirí na seirbhíse seo ach NÍ FÉIDIR leo moltaí a dhéanamh maidir le trealamh.
- Féadfaidh bréagáin agus trealamh a bheith difriúil beagáinín ó na grianghraif sa chatalóg seo ach feidhmeoidh siad ar an mbealach céanna. Tá earraí sa chatalóg seo reatha tráth a foilsithe (2021).
- Chun infhaighteacht a chinntiú, cuir an t-earra atá uait in áirithe roimh ré ar an bhfón nó ar r-phost.
- Is féidir leat earraí a iarraidh ar líne freisin trí do bharrachód ballraíochta TTT agus d'uimhir PIN a úsáid ag [www.meathlibraries.ie](http://www.meathlibraries.ie)